



**Sleachta as Tuairisc an  
Phríomhchigire  
2012-2014**

**Education and Training Inspectorate**

*eti*

*The Education and Training Inspectorate -  
Promoting Improvement*



## Achoimre ar Thuairisc an Phríomhchigire, 2012-14

Arna fhoilsiú ar an 6 Samhain 2014, tá Tuairisc seo an Phríomhchigire bunaithe ar fhianaise as measc an réimse de ghníomhaíochtaí cigireachta ETI agus baineann na torthaí le suíomhanna réamhscolaíochta, scoileanna agus eagraíochtaí foghlama a ndearnadh cigireacht orthu idir an 1 Iúil 2012-an 30 Meitheamh 2014.

### Príomhthorthaí

Scríobhadh tuairisc 2012-2014 i gcomhthéacs: an dúshlán don chóras oideachais agus oiliúna i dTuaisceart Éireann i dtaca le hardú na gcaighdeán a bhaineann gach foghlaimeoir amach, agus go háirithe na foghlaimeoirí sin atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta nó eacnamaíoch; an gá, ar mó anois ná riamh é, atá le húsáid níos fearr a bhaint as acmhainní ganna le deiseanna a sholáthar d'fhoghlaimeoirí de gach traidisiún fáil a bheith aige/aici ar rannpháirtíocht iomlán sa tsochaí agus d'fhonn síth agus comhsheasmhacht mhéadaithe a chothú i measc an phobail; agus an gá atá le hionchas ard a bheith againn dár gcuid soláthraithe le go bhfeisteadh siad ár gcuid daoine óga leis na scileanna, an meon agus an creidiúnú atá de dhíth le dul i mbun an tsaoil sa 21ú haois agus dár gcuid daoine óga le go sealbhóidh siad na nithe seo.

### Croítheachtairacht

Is í an eochairtheachtairacht atá sa tuairisc ná go mbíonn an t-oideachas agus an oiliúint ag feabhsú i gcónaí agus ag freastal go maith ar thromlach na bhfoghlaimeoirí ach go bhfuil dúshlán go fóill ann. Ní mór dúinn ionchas níos airde a leagan síos dúinn féin; níos mó foghlaimeoirí a chumasú agus bheith ag dréim le níos mó le go mbeidh gach foghlaimeoir in ann a lánacmhainneacht a bhaint amach.

#### Nithe a bhfuil ag éirí go maith leo

- Cuireadh síos do níos mó eagraíochtaí sa mheastóireacht a rinneadh orthu go raibh siad maith nó níos fearr sa tréimhse tuairiscithe seo.
- Gnóthachtáil agus caighdeán ag feabhsú i ngach earnáil.
- Feabhsúcháin sa soláthar a bhí sásúil nó faoina bhun sin roimhe seo.
- Coibhneas ard d'fhoghlaim agus teagasc maith nó níos fearr.
- Feabhas suntasach tagtha ar an soláthar faoi choinne sainriachtanais oideachais.
- Leibhéil arda de chúram, treoir agus tacaíocht.
- Ceannasaíocht agus bainisteoireacht fheabhsaithe i mbunús na gcéimeanna.

Aithníonn an Tuarascáil chomh maith roinnt príomhdhúshláin don oideachas agus oiliúint i dTuaisceart Éireann. Lena chinntiú go bhfaigheann gach foghlaimeoir oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán agus go gcomhlíonann siad a n-acmhainneacht, tá gá le:

- torthaí a fheabhsú do dhaoine óga; ní bhaineann beagnach 40% de dhaltai iar-bhunscoile 5 GCSE (nó a chomhionann) amach ag gráid A\*-C lena n-áirítear Béarla agus matamaitic. Is ionann an figiúr seo agus 66% i gcás na ndaltaí sin atá i dteideal béilí saora scoile;
- torthaí a fheabhsú sa litearthacht agus san uimhearthacht, go háirithe don aoisghrúpa 15 bliana d'aois agus do dhaoine fásta nó is amhlaidh gur measa na torthaí againne don dá ghrúpa seo ná roinnt mhaith tíortha eile i staidéir idirnáisiúnta a rinneadh;
- tógáil ar an soláthar a bhí maith den chuid is mó nó níos fearr nuair a rinneadh cigireacht air sa réamhscolaíocht, sa bhunscolaíocht, sna scoileanna speisialta agus sa bhreisoideachas lena chinntiú go mbíonn gach oideachas agus oiliúint chomh maith agus is féidir;
- caighdeán ard ceannasaíochta agus bainisteoireachta a chinntiú i ngach soláthar oideachais agus oiliúna, go háirithe in iar-bhunscoileanna agus san fhoghlaim obairbhunaithe mar ar gá don tríú cuid, nó mar sin, de na heagrais a ndearnadh cigireacht orthu feabhsúchán a dhéanamh;
- laghdú a dhéanamh ar inathraitheacht na ndeiseanna saoil a bhíonn ag páistí agus daoine óga nó is rómhór atá an bhaint idir na deiseanna saoil sin agus cé acu a bhíonn nó nach mbíonn rochtain acu ar réamhscoil, scoil, coláiste breisoideachais nó soláthróir oiliúna maith;
- tuismitheoirí, cúramóirí, pobail, fostóirí agus páirtithe leasmhara iomchuí eile a spreagadh le dul i bpáirt níos mó le hoideachasóirí agus oiliúnóirí le tacú le páistí agus daoine óga ina gcuid foghlama agus, nuair is iomchuí, le dúshlán a chur faoin chleachtas lag;
- a chinntiú go leanann gach eagraíocht den chomhoibriú le rochtain a thabhairt d'fhoghlaimeoirí ar churaclam leathan cothrom a fhreastalaíonn ar a gcuid riachtanais foghlama agus oiliúna agus a bhaineann uastairbhe as acmhainní;
- leanúint de bheith ag ardú uailmhianta agus ardaidhmeanna gach foghlaimeora trí thréadchúram agus tacaíocht atá ar chaighdeán maith

---

a sholáthar le tabhairt faoi réimse de riachtanais agus bacainní roimh an fhoghlaim, réimse atá ag dul i gcastacht;

- acmhainneacht múinteoirí agus lucht bainistíochta i scoileanna a fhorbairt le go mbeidh siad in ann freastal ar an ardú suntasach ar líon na ndaltaí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu;
- forbairt ghairmiúil agus tacaíocht ardchaighdeán a sholáthar do bhaill foirne; go háirithe nuair is gá caighdeán na foghlama agus an teagaisc a fheabhsú;
- tógáil ar an Chlár um Chomhroinnt san Oideachas, mar ar léiríodh go gcuireann eispéiris chomhroinnte ardchaighdeán le foghlaim níos fearr.

Mar achoimre, tá comhathruithe agus easnaimh dhianseasmhacha dhoghlaictha sa chóras oideachais ar fud Thuaisceart Éireann, ar mór dúinn tabhairt fúthu má tá muid lenár soláthar agus ár dtorthaí a fheabhsú ó 'measartha' go dtí 'den chéad scoth'.

### Caighdeán an tsoláthair i suíomhanna réamh-scolaíochta

#### Nithe a bhfuil ag éirí go maith leo

- As measc na suíomhanna<sup>1</sup> a ndearnadh cigireacht orthu, measadh go raibh 83% acu go maith nó níos fearr, feabhsúchán de sheacht bpointe céatadán i gcomparáid leis na suíomhanna a ndearnadh cigireacht orthu le linn na tréimhse tuairiscithe dheiridh.
- Táthar i ndiaidh gnóthachtáil agus caighdeán a fheabhsú i gcomparáid leis an tréimhse tuairiscithe dheiridh agus bhí siad go maith nó níos fearr in 89% de na suíomhanna a ndearnadh cigireacht orthu.
- In 84% de na suíomhanna bhí scileanna teanga agus cumarsáide na bpáistí, i gcoibhneas lena n-aois agus a gcéim forbartha, go maith nó níos fearr.
- Tá bunús an tsoláthair i ngach ceann de na sé achar i gcuraclam oideachais na réamhscolaíochta go maith nó níos fearr.

#### Amach Anseo

- Tá gá le croíghnéithe den cheannasaíocht agus den bhainisteoireacht, lena n-áirítear féinmheastóireacht agus pleanáil forbartha, a fheabhsú in thart ar an tríú cuid de shuíomhanna.
- Tá barraíocht éagsúlachta ann maidir le méid agus caighdeán na tacaíochta a bhíonn ar fáil le feabhsúcháin a chur chun cinn, go háirithe san earnáil phríobháideach/dheonach.

<sup>1</sup> Is tagairt é an téarma 'suíomh réamhscolaíochta' d'ionaid príobháideacha, dheonacha agus reachtúla a sholáthraíonn an clár oideachais réamhscolaíochta atá maoinithe ag RO.

## Caighdeán an tsoláthair sa bhunscolaíocht

### Nithe a bhfuil ag éirí go maith leo

- Bhí an éifeachtacht fhoriomlán in 84% de na bunscoileanna a ndearnadh cigireacht orthu go maith nó níos fearr, agus 59% de na scoileanna a ndearnadh cigireacht orthu iontach maith nó ar fheabhas.
- Tá feabhsúchán déanta maidir le caighdeán foriomlán an tsoláthair sa Bhéarla agus sa mhatamaitic, nó measadh go raibh 85% de na scoileanna a ndearnadh cigireacht orthu le linn na tréimhse tuairiscithe seo ag cur soláthar maith nó níos fearr ar fáil sa Bhéarla agus 84% sa mhatamaitic.
- Tá an feabhsúchán leanúnach sa cheannasaíocht le sonrú trí chultúr méadaitheach na féinmheastóireachta stóinsithe, as a n-eascraíonn feabhsúchán sa ghnóthachtáil agus sna caighdeáin.
- Tá earnáil na bunscolaíochta lán-Ghaeilge ag forbairt léi, ó thaobh méide agus caighdeáin de; Rinneadh cigireacht ar 40% d'iomlán na suíomhanna bunscolaíochta lán-Ghaeilge le linn na tréimhse tuairiscithe agus measadh go raibh chóir a bheith gach ceann acu go maith nó níos fearr.

### Amach Anseo

- I mblianta 1 agus 2, ní mór do mhúinteoirí tógáil ar fhoghlaim réamhscolaíochta na bpáistí, ionchais níos airde a leagan síos do gach páiste maidir le bheith in ann scríobh go neamhspleách agus a gcuid scileanna smaointeoireachta a fhorbairt tríd an uimhearthacht, an litearthacht agus trí ghníomhaíochtaí súgradhbhunaithe.
- San achar foghlama 'An Domhan Thart Orainn, ní mór do mhúinteoirí dul chun cinn a chinntiú maidir le scileanna, eolas agus tuiscint na bpáistí trasna na snáithí cúntacha den stair, tíreolaíocht agus, eolaíocht agus teicneolaíocht.

### Caighdeán an tsoláthair san iar-bhunscolaíocht

#### Nithe a bhfuil ag éirí go maith leo

- Ar an iomlán, tá torthaí GCSE agus A-leibhéil ag ardú; tá níos lú daltaí ag imeacht ón scoil anois gan aon GCSE<sup>2</sup> agus in 14% de na scoileanna a ndearnadh cigireacht orthu, measadh go raibh an ghnóthachtáil agus na caighdeáin ar fheabhas.
- Tá feabhsúchán suntasach déanta i gcaighdeán an tsoláthair faoi choinne tréadchúraim, oideachas, eolas, comhairle agus treoir ar ghairmeacha, agus sainriachtanais oideachais.
- Tá an soláthar curaclaim ag éirí níos fóirsteanáil agus níos oiriúnaithe le freastal ar riachtanais, réimsí suime agus ardaidhmeanna na ndaoine óga, ar bhonn aonair agus i gcoitinne.

#### Amach Anseo

- Ní mór an éifeachtacht fhoriomlán a fheabhsú sa 37% d'iar-bhunscoileanna a ndearnadh cigireacht orthu ar measadh iad a bheith níos ísle ná go maith.
- Tá gá le feabhsúchán ar chaighdeán agus ar an éifeachtacht in 22% de na ceachtanna a breathnaíodh, mar atá amhlaidh le measúnú na foghlama agus an measúnú chun foghlama mar aon leis an úsáid a bhaineann daltaí as TFC le tacú lena gcuid foghlama.
- In ainneoin go bhfuil ceannasaíocht scoile ag leibhéal sinsearach, pleanáil forbartha scoile agus gníomhartha le feabhsúchán a chur i bhfeidhm uilig ag feabhsú, tá gá le feabhsúchán breise ar an cheannasaíocht ag gach leibhéal agus go háirithe ar an mheán-bhainisteoireacht, trí fhorbairt foirne éifeachtach.
- Is tosaíocht i gcónaí é an ghnóthachtáil agus na caighdeáin uireasacha a ardú in 15% de na scoileanna a ndearnadh cigireacht orthu mar aon le torthaí GCSE na ndaltaí sin atá i dteideal béilí saora scoile agus, go háirithe, buachaillí i scoileanna rialaithe neamhghramadaí a ardú.

<sup>2</sup> Cáilíochtaí GCSE nó a gcomhionann.



### Caighdeán an tsoláthair faoi choinne sainriachtanais oideachais agus cuimsitheachta

#### Nithe a bhfuil ag éirí go maith leo

- Measadh an éifeachtacht fhoriomlán in 91% de na scoileanna speisialta a ndearnadh cigireacht orthu a bheith go maith nó níos fearr.
- Bhí an cheannasaíocht agus an bhainisteoireacht iontach maith nó ar fheabhas in 55% de na scoileanna a ndearnadh cigireacht orthu.
- Bhí an fhoghlaim agus an teagasc ar ardchaighdeán agus 93% de cheachtanna go maith nó níos fearr agus 66% acu ar fheabhas.
- Bhain múinteoirí úsáid mhaith as cleachtais mheasúnaithe le próifílí mionsonraithe foghlama a chruthú do dhaltaí aonair le freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí.

#### Amach Anseo

- Ní mór tógáil ar acmhainneacht na foirne sna scoileanna speisialta le measúnú agus freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais chasta na ndaltaí.
- Ní mór an t-aistriú chuig socrúcháin iarscoile iomchuí a fheabhsú, le tacú níos fearr le roinnt daltaí, go háirithe na daltaí sin a bhfuil riachtanais níos suntasaí agus níos éilithí acu amhail iompar dúshlánach.

### Caighdeán an tsoláthair sa bhreisoideachas

#### Nithe a bhfuil ag éirí go maith leo

- Sainaitníodh samplaí de sholáthar ardchaighdeán, atá ar thús cadhnaíochta san earnáil, in dhá cheann de na ceithre choláiste a ndearnadh cigireacht orthu maidir le ceannasaíocht agus bainisteoireacht, páirteachas eacnamaíoch agus pleanáil agus nuáil curaclaim.
- Bhí an soláthar go maith nó níos fearr i 90% de na cúrsaí breisoideachais gairmiúla agus teicniúla a ndearnadh cigireacht orthu.
- Bhí caighdeán maith nó níos fearr foghlama agus teagaisc go soiléir in 84% de na ceachtanna a breithníodh, agus 47% acu iontach maith nó ar fheabhas.
- Bhí soláthar scoite ardchaighdeán ann do dhaltáí a raibh deacrachtaí foghlama acu agus/nó a bhí faoi mhíchumas trasna na hearnála.

#### Amach Anseo

- Ní mór do Choláistí níos mó aird straitéiseach a dhíriú ar fheabhsú chaighdeán an tsoláthair sna bunscileanna, agus fócas ar leith a bheith acu ar chaighdeán na foghlama agus an teagaisc.
- Ní mór do bhunús na gcoláistí a ndearnadh cigireacht orthu straitéisí comhleanúnacha a chur i bhfeidhm i leith úsáid níos éifeachtaí theicneolaíochta na faisnéise agus na foghlama (TFF) san fhoghlaim agus sa teagasc, le freastal ar riachtanais éagsúla na bhfoghlaimeoirí.

## Caighdeán an tsoláthair san foghlaim obairbhunaithe

### Nithe a bhfuil ag éirí go maith leo

- Na deiseanna atá dea-phleanáilte den chuid is mó a sholáthraítear do bhunús na n-oiliúnaithe ar an Chlár um Oiliúint i dtreo na Rathúlachta d'fhonn éifeachtacht mhaith phearsanta, scileanna sóisialta agus obairbhainteacha agus scileanna infhostaitheachta níos leithne a fhorbairt.
- Na rátaí maithe coinneála ar an chlár ApprenticeshipsNI agus sna snáithí Scileanna do do Shaol agus Scileanna faoi choinne Oibre den Oiliúint i dtreo na Rathúlachta, agus na rátaí arda gnóthachtála d'oiliúnaithe agus printísigh a bhfuil a gcláir oiliúna curtha i gcrích acu.
- Fócas láidir ar athpháirteachas san oiliúint agus foghlaim do na hoiliúnaithe sin a théann isteach sa Chlár um Oiliúint i dtreo na Rathúlachta agus leibhéal gnóthachtála íseal acu roimhe sin san oideachas mar aon le leibhéal íseal féinmheasa.
- Caighdeán maith nó níos fearr na foghlama agus an teagaisc in thart ar 77% de na ceachtanna a breathnaíodh.

### Amach Anseo

- Tá gá le rogha churaclaim níos comhleanúnaí sa tríú cuid de na heagrais soláthraithe agus le fócas iomchuí ar foghlaim obairbhainteach a fhreastalaíonn ar scileanna gairme agus ar riachtanais infhostaitheachta na n-oiliúnaithe de chuid an Chláir um Oiliúint i dtreo na Rathúlachta.
- Tá gá le ceannasaíocht agus bainisteoireacht níos éifeachtaí i mbeagán os cionn an tríú cuid de na heagrais soláthraithe a ndearnadh cigireacht orthu.

## Caighdeán an tsoláthair in earnáil na seirbhísí óige

### Nithe a bhfuil ag éirí go maith leo

- Tá an éifeachtacht fhoriomlán go maith nó iontach maith i mbeagnach gach ceann de na heagrais a ndearnadh cigireacht orthu.
- An caighdeán maith nó níos fearr i mbunús na seisiún obair óige a ndearnadh cigireacht orthu.
- An feabhsúchán leanúnach sa cheannasaíocht agus bainisteoireacht, ar measadh iad a bheith go maith nó iontach maith i mbunús an tsoláthair a ndearnadh cigireacht air.
- Forbairt leanúnach na gcomhpháirtíochtaí idir an earnáil óige agus an earnáil fhoirmeálta oideachais, rud a chuir ar chumas daoine óga naisc iomchuí a dhéanamh trasna na n-eispéireas oideachais s'acu.

### Amach Anseo

- Níos mó deiseanna faoi choinne forbairt ghairmiúil a sholáthar d'oibrithe óige.
- Breisfhorbairt a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí ar feadh agus idir an earnáil óige agus an earnáil fhoirmeálta oideachais, le tabhairt faoi na buntosaíochtaí a bhfuil cuntas orthu in Tosaíochtaí don Ógra<sup>3</sup>.

<sup>3</sup> Tosaíochtaí don Ógra - Saol na nDaoine Óga a fheabhsú trí Obair don Ógra (RO 2013).

## Caighdeán an tsoláthair sa Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

### Nithe a bhfuil ag éirí go maith leo

- Éifeachtacht mhaith nó iontach maith go ginearálta i mbeagnach gach ceann de na heagrais a ndearnadh cigireacht orthu.
- Forbairt bhunús na rannpháirtithe maidir le bheith ag smaoineamh go criticiúil cruthaitheach.
- Forbairt leanúnach an tsoláthair le tacú leis an churaclam fhoirmeálta mar aon leis an churaclam neamhfhoirmeálta.
- Na naisc a rinneadh faoi choinne chomhroinnt an dea-chleachtas, tríd an Fhóram Foghlama<sup>4</sup>.

### Amach Anseo

- Tá gá le breisfhorbairt a dhéanamh ar na próisis féinmheastóireachta agus, go háirithe, le tionchar an tsoláthair ar ardú chaighdeáin agus ghnóthachtáil na rannpháirtithe a shainnithint.

<sup>4</sup> Tugtar forais atá urraithe ag RCEF le chéile tríd an Fhóram Foghlama le dea-chleachtas a chomhroinnt agus le nasc straitéiseach a dhéanamh lena chéile d'fhonn torthaí oideachais agus foghlaim fadsaoil a fheabhsú; le tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh agus le luach a chur le hobair scoileanna, ionaid óige agus soláthraithe malartacha oideachais.

## Caighdeán an tsoláthair sna cigireachtaí Chigireacht Dlí is Cirt a rinne ETI

### Nithe a bhfuil ag éirí go maith leo

- Baineadh de thátal as na cigireachtaí ar Ionad Ógchiontóirí Choill Hydebank agus Príosún Ban Choill Hydebank (Teach na Fuinseoige) go raibh an corpoideachas á chur chun cinn go maith agus go raibh teacht ag príosúnaigh ar shaoráidí maithe a raibh úsáid mhaith á baint astu agus a bhí á mbainistiú go maith.

### Amach Anseo

- Ba cheart caighdeán na foghlama, an teagaisc agus na hoiliúna a fheabhsú le rannpháirtíocht gach príosúnaigh a ghabháil níos éifeachtaí.
- Bhí ceannasaíocht agus bainisteoireacht ar sholáthar na foghlama agus na scileanna easnamhach sa dá phríosún agus bhí gá leis an chomhordú a fheabhsú.
- Bhí na socruithe faoi choinne dearbhú cáilíochta agus féinmheastóireachta lag agus bhí gá lena neartú, go háirithe trí shaincagadh, anailís agus úsáid níos éifeachtaí sonraíochta.

## Caighdeán an tsoláthair sna cigireachtaí ar an Roinn Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe a rinne ETI

### Nithe a bhfuil ag éirí go maith leo

- Measadh an Coláiste Talmhaíochta, Bia agus Fiontraíochta Tuaithe (CAFRE) a bheith iontach maith.
- Bhí 93% den oiliúint a soláthraíodh go maith nó níos fearr agus 61% di iontach maith nó ar fheabhas.

### Amach Anseo

- D'fhéadfaí breisfheabhsú a dhéanamh ar an tsoláthar faoi choinne oideachas, eolas, comhairle agus treoir ar ghairmeacha ach Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Foghlama a úsáid le modhanna cianfhoghlama níos fearr a éascú.



## Sleachta as Tuairisc an Phríomhchigire 2012-2014

© CÓIPCHIRT CHORÓIN 2014

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Tá cóipeanna den tuarascáil seo ar fáil ar shuíomh gréasáin an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna: [www.etini.gov.uk](http://www.etini.gov.uk)



Providing Inspection Services for

Department of Education  
Department for Employment and Learning  
Department of Culture, Arts and Leisure

